

Clár

1	Céard is Sochar Cúramóra ann?	3
2	Conas a cháilítear?	4
3	Céard iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?	5
4	Céard is brí le 'cúram agus aire lánaimseartha'?	6
5	An gá dom a bheith i mo chónaí leis an duine a bhfuil cúram lánaimseartha de dhíth air/uirthi?	7
6	Cé mhéad is féidir a fháil?	8
7	Cé atá mar leanbh cáilithe?	8
8	Conas a fhaightear an íocaíocht?	9
9	Cén fhad a maireann an íocaíocht?	9
10	An bhfuil cead agam aon íocaíochtaí eile a fháil in éineacht le Sochar Cúramóra?	10
11	Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?	10
12	Conas a chomhlánaítear foirm iarratais an tSochair Cúramóra?	11

Ar leanúint ar an leathanach thall

Márta 2011

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 16 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

13	An bhfuil cead agam iarratas a chur isteach ar Shochar Cúramóra má tá mé tosaithe ar chúram a chur ar fáil cheana féin?	13
14	An bhfuil cead agam achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh?	13
15	Céard a tharlóidh má tá mé éirithe as obair chun chúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil?	14
16	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	16
	Foirm iarratais ar chreidmheasanna saoire cúramóra	17

1. Céard is Sochar Cúramóra ann?

Is íocaíocht é Sochar Cúramóra do dhaoine faoi árachas a d'éirigh as an lucht oibre le déanaí agus atá ag tabhairt aire do dhaoine áirithe, a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth orthu.

Is féidir leat Sochar Cúramóra a fháil ar feadh suas le 2 bhliain iomlána, do gach duine a dtugann tú aire dó/di. Is féidir leat é a éileamh ar feadh tréimhse leanúnach 2 bhliain nó i dtréimhsí éagsúla arb ionann iad agus 2 bhliain nuair a chuirtear le chéile iad. Más rud é go gcuireann tú cúram ar fáil do bhreis is duine amháin, d'fhéadfá a bheith i dteideal 50% sa bhreis de d'íocaíocht phearsanta a fháil.

Tabhair faoi deara

Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Shochar Cúramóra 10 seachtaine sula mbeidh sé i gceist agat do phost a fhágáil, ionas go mbeidh go leor ama againn le seiceáil an bhfuil tú cáilithe agus chun déileáil le d'éileamh.

Má éiríonn tú as an lucht oibre chun aire a thabhairt do dhuine a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth air/uirthi, d'fhéadfá a bheith i dteideal saoire shealadach gan phá a fháil ó do phost. Féach ar leathanach 14 chun níos mó eolais a fháil.

Is ionann Liúntas Cúramóra agus **íocaíocht de réir tástáil acmhainne** do dhaoine a thugann aire do dhaoine áirithe. Ó 27 Meán Fómhair 2007, is féidir leat leath an ráta de Liúntas Cúramóra a fháil in éineacht le d'íocaíochtaí eile, má fhaigheann tú íocaíochtaí áirithe ón Roinn seo agus má shásaíonn tú na coinníollacha le haghaidh Liúntas Cúramóra.

D'fhéadfaí go bhféadfaí leathráta de Liúntas Cúramóra a fháil in éineacht le méadú a fhaigheann duine eile ar do shon mar dhuine fásta cáilithe ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh féin, chomh maith. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Tabhair faoi deara

Níl Sochar Cúramóra iníoctha ar leathráta in éineacht le híocaíocht eile Leasa Shóisialaigh.

2. Conas a cháilítear?

Beidh tú cáilithe má tá tusa, an cúramóir:

- fostaithe ar feadh 8 seachtaine le linn an 26 seachtain roimhe sin,
- má tá go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agat,
- má éiríonn tú as do phost chun aire a thabhairt do dhuine éigin go lánaimseartha (caithfidh an fhostaíocht seo a bheith ar feadh 16 huair in aghaidh na seachtaine nó 32 uair in aghaidh na coicíse ar a laghad),
- mura bhfuil tú féinfhostaithe ná fostaithe taobh amuigh den bhaile ar feadh níos mó ná 15 huair in aghaidh na seachtaine (féach ar leathanach 6), agus
- mura bhfuil tú i do chónaí in ospidéal, ionad téarnaimh ná in institiúid eile dá leithéid.

I gcás an duine a dtugann tú aire dó/dí:

- caithfidh go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth air/uirthi (bíonn teastas leighis ag teastáil), agus
- caithfidh nach bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí de ghnáth in ospidéal, in ionad nó in institiúid eile dá leithéid.

Má tá tú ag tabhairt aire do leanbh ar Liúntas Cúram Baile ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ní gá duit teastas leighis a chur ar fáil ná a bheith ar an duine a fhaigheann an liúntas sin ar son an linbh.

Tabhair faoi deara

Má tá beirt nó níos mó ag roinnt na ndualgas cúraim, níl cead ach ag cúramóir amháin an sochar a éileamh.

3. Céard iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?

I gcás an chéad éilimh, caithfidh:

- 156 ranníocaíocht íochta a bheith agat ó thosaigh tú ag gabháil d'fhostaíocht inárachais,

agus

- 39 ranníocaíocht íochta a bheith agat sa bhliain chánach bhainteach,

nó

- 39 ranníocaíocht íochta a bheith agat sa 12 mhí sula n-íocfar an Sochar Cúramóra,

nó

- 26 ranníocaíocht íochta a bheith agat sa bhliain chánach bhainteach agus 26 ranníocaíocht íochta a bheith agat sa bhliain chánach roimhe sin.

Níl ach na hAicmí A, B, C, D, H agus E do ranníocaíochtaí ÁSPC san áireamh.

Is í 'an bhliain chánach bhainteach' ná an dara bliain chánach chríochnaithe dheireanach roimh an mbliain ina bhfuil tú ag déanamh éilimh ar Shochar Cúramóra.

Le haghaidh na n-éileamh a rinneadh i:	Is í an bhliain chánach bhainteach ná:
2010	→ 2008
2011	→ 2009
2012	→ 2010

Ranníocaíochtaí árachais ó bhallstáit eile de chuid an AE

D'fhéadfaí tréimhsí árachais a críochnaíodh i mballstát eile de chuid an AE a chur san áireamh, chun na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh. Is gá gur íocadh an tseachtain dheireanach oibre d'árachas íochta in Éirinn.

Ní gá duit na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh arís, má chuireann tú iarratas isteach an dara huair nó ina dhiaidh sin.

Tabhair faoi deara

- Mura sásaíonn tú na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC le haghaidh Sochar Cúramóra, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Cúramóra agus é faoi réir tástáil acmhainne. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.
- Mura bhfuil tú cáilithe le haghaidh Sochar Cúramóra, d'fhéadfá a bheith i dteideal saoire cúramóra a fháil ó do phost go fóill. Féach ar leathanach 14 chun sonraí a fháil.

4. Céard is brí le 'cúram agus aire lánaimseartha'?

Caithfidh na riachtanais seo a leanas a bheith ar an duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di:

- maoirseacht leanúnach agus cabhair rialta ag teastáil lena g(h)náthriachtanais phearsanta i rith an lae, amhail siúl agus bogadh thart, ithe nó ól, níosáin, folcadh, gléasadh agus mar sin de,
nó
- maoirseacht leanúnach de dhíth chun baol dó/di féin a sheachaint,

Tabhair faoi deara

Tá cead ag an duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di freastal ar chúrsa neamhchónaitheach d'oiliúint athshlánúcháin nó ar ionad cúram lae atá ceadaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Tá cead agatsa, an cúramóir:

- freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna, chun obair dheonach nó pobail a dhéanamh ar feadh suas le 15 huaire in aghaidh na seachtaine,

nó

- glacadh le fostaíocht theoranta taobh amuigh den bhaile, atá ceadaithe ag an Roinn, ar feadh suas le 15 huair in aghaidh na seachtaine,

nó

- a bheith féinfhostaithe go teoranta i d'áit chónaithe féin.

Ní ceadmhach go rachadh do thuilleamh ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht theoranta thar theorainn sheachtainiúil a bheidh leagtha síos ag an Roinn. Téigh i dteagmháil le Rannóg an tSochair Cúramóra, le do thoil, chun sonraí a fháil faoin teorainn seo.

Nuair a bheidh tú as láthair, caithfidh tú cúram sásúil a shocrú don duine a mbíonn cúram agus aire lánaimseartha de dhíth air/uirthi.

Beidh cur chuige solúbtha ag an Roinn nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil agus cuirfear riachtanais an chúramóra agus an duine a bhfuil cúram de dhíth air/uirthi san áireamh. Nílimid ag súil leis agus níor mhaith linn go mbeadh daoine eile ag súil leis go gcuirfeadh cúramóir cúram ar fáil 24 uair in aghaidh an lae.

5. An gá dom a bheith i mo chónaí leis an duine a bhfuil cúram lánaimseartha de dhíth air/uirthi?

Bíonn tú i do chónaí leis an duine a bhfuil cúram lánaimseartha de dhíth air/uirthi de ghnáth, ach níl sé seo riachtanach le cáiliú le haghaidh íocaíochta. Mura bhfuil tú i do chónaí leis an duine a bhfuil tú ag cur cúraim ar fáil dó/di, caithfidh tú:

- a bheith ag cur cúram agus aire lánaimseartha ar fáil,
- córas cumarsáide díreach a chur ar fáil - amhail guthán nó córas aláraim - idir d'áit chónaithe féin agus áit chónaithe an duine a bhfuil tú ag cur cúraim ar fáil dó/di, agus
- a bheith ar an aon duine chun cúram a chur ar fáil don duine sin ina (h)áit chónaithe féin.

6. Cé mhéad is féidir a fháil?

Is éard atá i gceist leis an íocaíocht ná méid pearsanta seachtainiúil duit féin agus méideanna sa bhreis do leanaí cáilithe ar bith. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**. Má chuireann tú cúram ar fáil do bhreis is duine amháin, d'fhéadfá a bheith i dteideal 50% sa bhreis a fháil den chuid phearsanta de d'íocaíocht.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo a bhfuil méadú inti duitse mar dhuine fásta cáilithe, ní bheidh sé/sí in ann éileamh a dhéanamh ar an méadú seo a thuilleadh.

Cánachas

Féachtar ar do Shochar Cúramóra seachtainiúil mar ioncam, ar mhaithe le cúrsaí cánach. Ní ghearrtar cáin ar an íocaíocht sula bhfaigheann tú í, mar sin ba cheart duit í a chur san áireamh nuair a bheidh do ghnóthaí cánach á socrú agat go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim. Má tá aon cheisteanna agat faoi cháin ioncaim, téigh i dteagmháil le d'oifig áitiúil cánach.

7. Cé atá mar leanbh cáilithe?

Tá cead agat éileamh a dhéanamh ar mhéadú do leanbh cáilithe má tá sé/sí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus é/í ina c(h)ónaí leat de ghnáth agus é/í á c(h)othú agat.

Má tá leanbh cáilithe ag gabháil don oideachas lánaimseartha i rith an lae ar scoil nó ar choláiste aitheanta, tá cead agat an méadú seo a fháil go dtí deireadh na bliana acadúla ina mbainfidh sé/sí 22 bliain d'aois amach (bíodh sé/sí ina c(h)ónaí sa bhaile nó ná bíodh).

Tá cead agat an Méadú iomlán do Leanbh Cáilithe a fháil más duine singil, baintreach (fir), páirtnéir sibhialta marthanach nó duine scartha thú. Tá cead agat leath den Mhéadú do Leanbh Cáilithe a fháil, má tá tú i do chónaí le do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir. Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht ón Roinn seo, gheobhaidh sibh beirt leath den Mhéadú do Leanbh Cáilithe in éineacht le bhur n-íocaíochtaí.

8. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir leat Sochar Cúramóra a fháil mar íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Caithfidh cuntas reatha nó cuntas taisce coigiltis a bheith i gceist agus **ní** cuntas morgáiste,

9. Cén fhad a maireann an íocaíocht?

Is féidir leat Sochar Cúramóra a fháil ar feadh suas le 2 bhliain, do **gach** duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di. Is féidir leat é seo a fháil in aon tréimhse amháin nó i dtréimhsí éagsúla arb ionann iad agus tréimhse dhá bhliain nuair a chuirtear le chéile iad. Ós rud é go bhfaightear an íocaíocht do gach duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di, d'fhéadfadh forluí a bheith i gceist le roinnt de na tréimhsí cúraim.

Níl aon tréimhse íosta i gceist chun Sochar Cúramóra a éileamh. Ach má chuireann tú éileamh isteach ar Shochar Cúramóra ar feadh níos lú ná 6 seachtaine le haghaidh an duine a bhfuil tú ag cur cúraim ar fáil dó/di, níl cead agat é a éileamh le haghaidh an duine céanna arís go dtí go mbeidh 6 seachtaine caite.

Bás an duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di

I gcás go bhfaigheadh an duine a bhfuil tú ag cur cúraim ar fáil dó/di bás taobh istigh den tréimhse dhá bhliain, gheobhfá Sochar Cúramóra go fóill ar feadh 6 seachtaine tar éis dó/di bás a fháil.

Is féidir leat Deontas Méala a fháil chomh maith. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi seo ó d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó trí ghlaoch ar:

Íosghlao: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Guthán: + 353 43 3340000 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

10. An bhfuil cead agam aon íocaíochtaí eile a fháil in éineacht le Sochar Cúramóra?

Gheobhaidh tú Deontas Cúram Faoisimh ar an gcéad Déardaoin i mí an Mheithimh gach bliain, le haghaidh gach duine a dtugann tú aire dó/di. Ní gá iarratas a chur isteach ar Dheontas Cúram Faoisimh má tá tú cáilithe le haghaidh Sochar Cúramóra, mar íocfar leat é go huathoibríoch. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

11. Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Shochar Cúramóra 10 seachtaine sula mbeidh sé i gceist agat do phost a fhágáil, ionas go mbeidh go leor ama againn le seiceáil an bhfuil tú cáilithe agus chun déileáil le d'éileamh.

Má theastaíonn uait iarratas a chur isteach, comhlánaigh foirm iarratais **CARB 1** agus seol chuig an seoladh thíos í:

Rannóg an tSochair Cúramóra

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Foirgnimh an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Íosghlao: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Guthán: + 353 43 3340000 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

Tabhair faoi deara.

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

12. Conas a chomhlánaítear foirm iarratais an tSochair Cúramóra?

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais, caith beagán ama chun an chuid seo a léamh, le do thoil.

Nuair a bhímid ag déileáil le hiarratas ar Shochar Cúramóra, tá an seans ann go mbeidh orainn measúnú a dhéanamh ar an gcás atá ag suas le triúr (an cúramóir, a c(h)éile, a p(h)áirtneír sibhialta nó a c(h)omhchónaitheoir agus an duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di).

Bíonn orainn a oibriú amach an gcáilíonn tú le haghaidh Sochar Cúramóra ar do Thaifead Árachais Shóisialaigh.

Caithfidimid scrúdú a dhéanamh ar chás leighis an duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di chomh maith, le beartú an bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth air/uirthi.

Chomh maith leis sin, caithfidimid a bheith sásta go gcuireann tú féin, an cúramóir, cúram agus aire lánaimseartha ar fáil agus go bhfuil sé de chumas agat é sin a dhéanamh.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear go leor eolas mionsonraithe a lorg uait ar an bhfoirm iarratais.

Ba cheart duit na treoracha ar thosach na foirme a léamh go cúramach agus iad a leanúint, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais agus í a chur chugainn. Ba cheart duit an seicliosta ar **chuid 9** den fhoirm a léamh go cúramach, le bheith cinnte go bhfuil na ceistanna go léir comhlánaithe agat agus go bhfuil na teastais agus na doiciméid chúig go léir agat.

Iarratas le haghaidh an dara duine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di

Má fhaigheann tú Sochar Cúramóra cheana agus má tá tú ag cur iarratais isteach anois ar liúntas níos mó ós rud é go bhfuil tú ag tabhairt aire don dara duine, **ní** gá duit teastais a sheoladh isteach arís. Sa chás seo, comhlánaigh an fhoirm iarratais go hiomlán agus scríobh an nóta seo a leanas go soiléir ar bharr na foirme iarratais, **“Iarratas le haghaidh an dara duine - níl aon teastais iniata”**.

Tá an fhoirm iarratais roinnte sna codanna seo a leanas.

Baineann **Cuid 1** le do shonraí pearsanta. Síngigh an dearbhú, le do thoil, nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat.

Má athraíonn do chúinsí tar éis duit Sochar Cúramóra a fháil, is gá duit an t-eolas seo a thuairisciú dúinn anseo sa Roinn ar an bpointe boise.

Baineann **Cuid 2** le do shonraí oibre agus éilimh.

Déantar liostú i **gCuid 3** ar an dá rogha fhéideartha íocaíochta le haghaidh Sochar Cúramóra.

Baineann **Cuid 4** le do shonraí oibre agus is gá í a chomhlánú agus stampa a bheith curtha air ag an bhfostóir ba dhéanaí agat nó d'fhostóir faoi láthair.

Baineann **Cuid 5** le sonraí do leanaí cáilithe.

Baineann **Cuid 6** le sonraí do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora.

Baineann **Cuid 7** le sonraí oibre agus éilimh do chéile, do pháirtnéara shibhialta, nó do chomhchónaitheora, lena n-áirítear a (h)acmhainn.

Cuimsíonn **Cuid 8** sonraí an duine nó na ndaoine a bhfuil tú ag cur cúraim ar fáil dó/di/dóibh.

Is ionann **Cuid 9** agus seicliosta ar cheart duit breathnú air, sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach chugainn.

Tabhair faoi deara

Má thugann tú aire do bhreis is beirt, cuir in iúl dúinn é le do thoil, ós rud é go bhféadfá Deontas Cúram Faoisimh a fháil ar a son. Ba cheart duit foirm CARB2 a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an seoladh ar leathanach 10. Is féidir leat foirm CARB 2 a fháil ag www.welfare.ie nó ó d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh.

Baineann **Cuid 10** leis na teastais leighis don duine nó do na daoine a bhfuil cúram á chur ar fáil dó/di/dóibh. Má tá tú ag cur cúraim ar fáil do dhuine atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus má fhaigheann tú Liúntas Cúram Baile, ní gá duit tuairisc leighis a chur isteach chugainn ag an bpointe seo.

Cuimhnigh ar na teastais agus na doiciméid bhainteacha go léir a chur isteach le d'iarratas.

13. An bhfuil cead agam iarratas a chur isteach ar Shochar Cúramóra má tá mé tosaithe ar chúram a chur ar fáil cheana féin?

Tá; is féidir siardhátú a dhéanamh ar iarratas ar Shochar Cúramóra ar feadh suas le 8 seachtaine tar éis duit tosú de bheith ag cur cúraim ar fáil. Ach d'fhéadfaí é a shiardhátú níos faide siar i gcásanna áirithe, mar shampla:

- má theip ort iarratas a chur isteach toisc go bhfuair tú eolas mícheart nó neamhleor ón Roinn seo,
- má bhí moill ar an iarratas mar thoradh ar ‘force majeure’, is é sin, eachtra nó cás mór a chiallaigh go raibh sé dodhéanta an t-iarratas a chur isteach in am, nó
- má tharla an mhoill toisc go raibh tú tinn.

Tabhair faoi deara:

Ní féidir linn Sochar Cúramóra a shiardhátú i gcás nach raibh tú ar an eolas faoin íocaíocht nuair a thosaigh tú ar do dhualgais chúraim.

14. An bhfuil cead agam achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh?

Mura n-aontaíonn tú le cinneadh ar d'iarratas, tá cead agat achomharc a dhéanamh ina choinne. Caithfidh achomharc ar bith a bheith déanta i bhfoirm scríofa, taobh istigh de 21 lá ó dháta an chinnidh agus ba cheart go luafadh sé fáth an achomhairc go soiléir.

Is féidir leat d'achomharc a sheoladh chuig:

An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh

Teach D'Olier

Sráid D'Olier

Baile Átha Cliath 2

Íosghlao: 1890 74 74 34 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Guthán: + 353 1 6732800 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

15. Céard a tharlóidh má tá mé éirithe as obair chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil?

D'fhéadfá a bheith i dteideal saoire shealadach gan phá a fháil ó do phost chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do dhuine éigin eile, de réir an dlí.

Má tá eolas uait, déan teagmháil le:

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Foirgnimh an Rialtais,
Bóthar Uí Bhriain,
Ceatharlach.

Íosghlao: 1890 80 80 90 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+ 353 59 91 78990 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil faoin dlí maidir le saoire cúramóra, logáil isteach ar **www.employmentrights.ie**.

Creidmheasanna saoire cúramóra

Bronnfar ranníocaíochtaí creidiúnaithe ÁSPC ('creidmheasanna') ort go huathoibríoch le haghaidh na tréimhse ina bhfaigheann tú Sochar Cúramóra nó nuair atá tú ar saoire cúramóra. Bronntar creidmheasanna ar an ráta céanna le do ranníocaíocht íoctha dheireanach ÁSPC.

Cabhraíonn na creidmheasanna seo le d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo a chosaint.

Tabhair faoi deara:

Má bhaineann tú leas as saoire cúramóra amháin, iarr ar d'fhostóir an fhoirm iarratais do chreidmheasanna saoire cúramóra atá ag deireadh an leabhráin seo a chomhlánú le do thoil, tar éis duit filleadh ar an obair.

Má théann tú ar saoire cúramóra ach mura bhfaigheann tú Sochar Cúramóra, beidh tú i dteideal creidmheasanna saoire cúramóra a fháil go fóill maidir le gach seachtain den tsaoire, ar feadh suas le 2 bhliain. Cinnteoidh sé seo go gcoinneofar an cuimsiú reatha atá agat i leith leas sóisialach go hiomlán.

Ansin, ba cheart duit an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Cáilitheachta Cliant

Sruth Luacha Ghearrthéarmaigh

An Bóthar Faoisimh Laistigh

Ard Rámhann

Bun Cranncha

Co. Dhún na nGall

Éire

Bronnfar creidmheasanna le haghaidh do shaoire gan phá agus déanfar nuashonrú ar do thaifead árachais shóisialaigh.

16. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil faoi **Shochar Cúramóra**, déan teagmháil le **d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh** nó le **Rannóg an tSochair Cúramóra** ag an seoladh ar leathanach 10.

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Leabhráin úsáideacha eile:

Deontas Méala	SW 47
Liúntas Cúramóra	SW 41
Leabhrán na Rátaí Íocaíochta	SW 19
Deontas Cúram Faoisimh	SW113

Foirm iarratais ar chreidmheasanna saoire cúramóra

Ainm an fhostaí:

Seoladh an fhostaí:

Uimhir ghutháin an fhostaí:

Le bheith comhlánaithe ag d'fhostóir nuair a fhillfidh tú ar obair

Uimhir PSP:

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Deimhním/Deimhnímid gur imigh an fostaí thuasluaite ar saoire cúramóra mar seo a leanas:

Ó:

Go dtí:

Líon iomlán na seachtainí:

Sínithe ag, nó ar son an fhostóra:

Ainm:

(ní blocclitreacha)

Post sa chomhlacht nó san eagraíocht:

Uimhir Chláraithe an Fhostóra:

Uimhir ghutháin an Fhostóra:

Stampa Oifigiúil an Fhostóra:

Dáta:

Seol an fhoirm chomhlánaithe seo chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Foirgnimh an Rialtais,
Seirbhísí Cáilitheachta Cliant,
An Bóthar Faoisimh Laistigh, Bun Chrannta,
Co. Dhún na nGall.

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan - Aoine, 9rn - 9in)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.